museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

# Oifigeach Soláthair
# Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post seo a leanas a líonadh: **Oifigeach Soláthair (Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin)** in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Ealaíona Maisiúla & Stair, Dún Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7. Is post ar chonradh trí bhliain, ar théarma seasta é seo. Líonfar an post seo trí agallaimh oscailte iomaíochta a dhéanamh.

**Cuspóir an Phoist**
Is mian le hArd-Mhúsaem na hÉireann Oifigeach Soláthair a cheapadh laistigh dá Aonad Airgeadais. Déanfar an ceapachán ar chonradh 3 bliana ar théarma seasta ar leibhéal an Ardoifigigh Feidhmiúcháin.

Soláthróidh an ról cúnamh straitéiseach d'fheidhm airgeadais an mhúsaeim ar feadh na tréimhse 3 bliana. Le linn na tréimhse sin, díreofar feidhm Airgeadais Ard-Mhúsaem na hÉireann ar roinnt mórthionscadal lena n-áirítear:

- Clár comhaontaithe oibreacha caipitiúla i gcomhpháirtíocht leis an máthair-roinn, an Roinn Cultúir, Turasóireachta, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- An t-aistriú go córas Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais solátharthreoraithe, bunaithe ar ORACLE, agus
- Tuilleadh forbartha ar oibríochtaí soláthair Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Tuairisceoidh an tOifigeach Soláthair don Cheann Airgeadais agus Soláthair, agus beidh freagracht aige/aici, faoi threoir ghinearálta, as soláthar earraí agus seirbhísí d'Ard-Mhúsaem na hÉireann a bhainistiú agus a éascú. Chomh maith leis na tionscadail atá liostaithe thuas, beidh an tOifigeach Soláthair freagrach as an méid seo a leanas:

- an plean bliantúil Soláthair,
- comórtais tairisceana a bhainistiú,
- anailís agus tuairisciú ar chaiteachas,
- comhlíonadh soláthair agus
- de réir mar a ordóidh an Ceann Airgeadais.

Ní mór don Oifigeach Soláthair a bheith ábalta breithiúnas gairmiúil a léiriú maidir le comórtais soláthair agus cinnteoireacht ghaolmhar a bhainistiú.

Chun an ról sin a chur chun feidhme go rathúil, ní mór príomhchaidreamh a chothú agus a fhorbairt. Bainfidh an caidreamh sin le pearsanra ó laistigh d'fhoireann

